Bord Oideachais agus
Oiliúna Lú agus na Mí
Louth and Meath Education
and Training Board

Tuarascáil Bhliantúil 2018

lmetb

Clár na nÁbhar

Uimhreacha na Leathanach

- Réamhrá an Chathaoirligh 3
- Brollach an Phríomhfheidhmeannaigh 4
- Ráiteas Misin, Bord, Fochoistí agus Bainistíocht Shinsearach 5-7
- Forléargas agus Resumé ar Sheirbhísí 8-9
- Stiúrthóireacht Scoileanna 10-19
- Stiúrthóireacht Breisoideachais agus Oiliúna 20-25
- Stiúrthóireachta Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta 26-34

Réamhrá an Chathaoirligh

Cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) le haghaidh 2018 a chur in bhur láthair. Clúdaítear sa tuarascáil seo an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2018, agus is é seo an cúigiú tuarascáil bhliantúil atá curtha i dtoll a chéile ó bunaíodh BOOLM.

Pribhléid ba ea a bheith i mo bhall Boird le 5 bliana anuas, i rith tréimhse an-dúshlánach, agus tacú leis an eagraíocht fhorchéimnitheach agus uaillmhianach seo na dúshláin sin a shárú.

Tá ról lárnach ag ár bPríomhfheidhmeannach, Martin O'Brien, i dteannta lena fhoireann cheannaireachta dhinimiciúil, i gcinntiú go bhfuil ár bhfoghlaimeoirí, sna seirbhísí ar fad atá á cur ar fáil againn, ag croílár gach cinneadh a dhéantar san eagraíocht.

Is fianaise eile fós é an tuarascáil seo ar an obair iontach atá á déanamh ag an bhfoireann atá ag obair go dícheallach ar fud na heagraíochta lena chinntiú go bhfaigheann ár bhfoghlaimeoirí an t-oideachas agus na deiseanna is fearr agus is féidir.

Guím gach rath orthu amach anseo.



An Comhairleoir Sharon Tolan

Cathaoirleach

Brollach an Phríomhfheidhmeannaigh

Cúis áthais dom, Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM), Tuarascáil Bhliantúil 2018 a chur in bhur láthair.

Is eagraíocht fhorchéimnitheach, dhinimiciúil ó BOOLM a fhreagraíonn do riachtanais daonra atá ag fás, agus a sholáthraíonn oideachas ionchuimsitheach i gCo. Lú agus i gCo. na Mí. Sa chomhthéacs seo, soláthraíonn BOOLM, an soláthraí oideachais is mó sa réigiún, pátrúnacht ghairmiúil dár scoileanna agus Ionaid Bhreisoideachais ar fad.

Tréimhse spéisiúil agus dhúshlánach ba ea do BOOLM mar gheall ar athruithe déimeagrafacha agus fás daonra i Lú agus sa Mhí. Is fianaise ar na hathruithe seo iad níos mó leanaí a bheith á rollú sna scoileanna agus tús a bheith á chur le scoileanna agus tionscadail tógála nua sa dá chontae.

Cúis áthais dom gur muide pátrún céadrogha thuismitheoirí Lú Thuaidh, agus táimid ag súil le bheith ag obair le tuismitheoirí/caomhnóirí, príomhoide agus baill foirne Phobalscoil Náisiúnta Fhochairde.

I mí Feabhra 2019, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna, an tAire Joe McHugh TD., gurb é BOOLM pátrún Phobalscoil Náisiúnta Dhún Seachlainn, fógra a chuireann le soláthar an oideachais ionchuimsithigh sa cheantar. Táimid ag súil go mór le bheith ag obair i gcomhpháirt le pátrúin na mbunscoileanna eile chun riachtanais an phobail a chomhlíonadh.

Is deis é an tuarascáil seo léargas a thabhairt ar an obair iontach atá á déanamh ag na baill foirne a dhéanann sár-obair chun oideachas den scoth a chur ar leanaí agus ar aosaigh i Lú agus sa Mhí.

Táim ag súil le tuilleadh forbairtí nua agus spéisiúla a athbhreithniú agus a chur chun feidhme in 2019 agus sna blianta ina dhiaidh sin.

Martin G. O'Brien

Príomhfheidhmeannach

Ráiteas Misin

"Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) tiomanta do bharr feabhais agus nuálaíocht in oideachas daoine óga agus aosach trí sheirbhísí dinimiciúla atá á soláthar ag foireann ghairmiúil"

Bord BOOLM

I ndiaidh na dtoghchán áitiúil i mBealtaine 2014, bunaíodh Bord nua ar a raibh 21 ball de réir Chuid 3, Alt 30 agus Alt 31 d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Bhí na daoine seo a leanas ina mbaill den Bhord in 2018:

Ainm an Bhaill	Ainmnithe Ag
An tUasal Peter Savage	Comhairle Contae Lú
An tUasal Oliver Tully	Comhairle Contae Lú
Maeve Yore, Uasal	Comhairle Contae Lú
Marianne Butler, Uasal	Comhairle Contae Lú
An tUasal Tomás Sharkey (1)	Comhairle Contae Lú
Maria Murphy, Uasal	Comhairle Contae na Mí
Eimear Ferguson, Uasal	Comhairle Contae na Mí
An tUasal Wayne Harding	Comhairle Contae na Mí
Sharon Tolan, Uasal	Comhairle Contae na Mí
An tUasal Nick Killian	Comhairle Contae na Mí
An tUasal Damien O'Reilly	Comhairle Contae na Mí
An tUasal Trevor Golden	Comhairle Contae na Mí
Catherine Clair, Uasal	Ionadaí Foirne BOOLM
An tUasal Ciarán O'Donnell	Ionadaí Foirne BOOLM
Ashimedua Okonkwo, Uasal	Ionadaí Tuismitheoirí BOOLM
An tUasal Cormac Bohan	Ionadaí Tuismitheoirí BOOLM

Ainm an Bhaill	Catagóirí Ainmnithe (3)
An tUasal Bill Sweeney	Ionadaí Gnó, Tionscail agus Fostóirí
An tUasal Seán Patrick Carey	Ionadaí na bhFoghlaimeoirí
Siobhán Greer, Uasal	Ionadaithe daoine atá páirteach i mBainistíocht, nó Ceannaireacht, scoileanna aitheanta.
Jennifer D'Arcy, Uasal	Ionadaí comhlachta nach bhfuil sa trí chagatóir ainmnithe.
An tUasal Alan Breathnach (2)	Ionadaí comhlachta nach bhfuil sa trí chagatóir ainmnithe.
(1) D'éirigh an tUasal Tomás Sharkey as a chúraimí Boird ar an 20/09/2018. Níor ceapadh aon duine ina áit in 2018.	

(2) D'éirigh an tUasal Alan Breathnach as a chúraimí Boird ar an 22/3/2018. Níor ceapadh aon duine ina áit in 2018.

An Coiste Airgeadais agus An Coiste Iniúchóireachta

Bunaíodh na coistí seo a leanas de réir Alt 45. – (1) d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Coiste Iniúchóireachta BOOLM	
Paul Morgan	Seachtrach (Cathaoirleach)
Liam Coleman	Seachtrach
Martin Kelly	Seachtrach
Eimear Ferguson	Inmheánach
Cormac Bohan	Inmheánach
Bill Sweeney	Inmheánach

Reáchtáil Coiste Iniúchóireachta BOOLM trí chruinniú in 2018.

Coiste Airgeadais BOOLM	
Oliver Tully	Inmheánach (Cathaoirleach)
Brendan McKenna	Seachtrach
Ashimedua Okonkwo	Inmheánach
Bill Sweeney	Inmheánach
Nick Killian	Inmheánach

Reáchtáil Coiste Airgeadais BOOLM cúig chruinniú in 2018.

Bainistíocht Shinsearach BOOLM

Bainistíocht Shinsearach BOOLM	
Martin G. O'Brien	Príomhfheidhmeannach
Fiona Kindlon	Stiúrthóir Scoileanna
Brian Murphy	Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta
Sadie Ward McDermott	Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna

Cúiteamh Pearsanra Príomhbhainistíochta

Áirítear i bpearsanra príomhbhainistíochta Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí, an Príomhfheidhmeannach agus an Stiúrthóir Scoileanna, Breisoideachais agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta. Tá eolas le fáil thíos maidir le luach iomlán na sochar fostaí don phearsanra príomhbhainistíochta gan ÁSPC fostóra a chur san áireamh:

	2018 €
Tuarastail	389,762
Liúntais	-
Sochair Foirceannta	-

Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

De réir na scálaí pá atá faofa ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, bhí tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh cothrom le €127,407 (gan ÁSPC fostóra a chur san áireamh) i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig, 2018. Chomh maith leis sin, íocadh ÁSPC Fostóra de €2,754.30. Ní dhearna an Phríomhfheidhmeannach aon taisteal thar lear do ghnó BOO i rith na tréimhse. Is ball é an Príomhfheidhmeannach de scéim neamhmhaoinithe le sochar sainithe na hearnála poiblí agus ní théann na teidlíochtaí pinsin thar na teidlíochtaí caighdeánacha atá ar fáil faoin scéim.

Forléargas agus Resumé ar Sheirbhísí

Is údarás reachtúil áitiúil oideachais agus oiliúna é BOOLM atá freagrach as oideachas, obair don óige agus raon feidhmeanna reachtúla eile. Bainistíonn agus oibríonn BOOLM:

- 16 Scoil dara leibhéal lena n-áirítear 1 scoil le comhpháirteanna PLC
- 2 Choláiste PLC
- 2 Phobalscoil Náisiúnta
- 1 Ionad Oiliúna
- 1 Ionad Scoile Eorpaí
- 9 nIonad Ógtheagmhála
- Raon ionad breisoideachais agus oiliúna a bhfuil cláir oideachais agus oiliúna á gcur ar fáil acu
- Comhphátrún ar 6 Phobalscoil ag: Baile Átha Fhirdhia, Ceanannas, Baile Átha Troim, Baile Átha Buí, Cill Dhéagláin agus Coláiste Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha

Tá ról gníomhach ag BOOLM i bpobail áitiúla trí chláir oiliúna agus oideachais a sholáthar go díreach in Ionaid Oiliúna, Coláistí agus suíomhanna oiliúna agus oideachais eile. Tá sé mar aidhm ag BOOLM difríocht a dhéanamh do shaol na ndaoine a bhfuil sé ag freastal orthu.

Scoileanna agus Coláistí		
Coláiste Beaufort, An Uaimh	Iar-bhunscoil Bush, Dún Dealgan	Coláiste De Lacy, Cill Dhéagláin
Coláiste Chú Chulainn, Dún Dealgan	Coláiste na hInse, An Inse	Coláiste na Mí, An Uaimh
Coláiste Pobail, Ráth Chairn	Coláiste Pobail Dhún Seachlainn	Coláiste Uí Chearbhalláin, An Obair
Coláiste Uí Fhiaich, Dún Dealgan	Coláiste Ráth Tó	Scoil Uí Mhuirí, Dún Léire
Coláiste Clavin, Maigh Dearmhaí	Coláiste Pobail Naomh Olibhéar, Droichead Átha	Coláiste Naomh Peadar, Dún Bóinne
Iar-bhunscoil Naomh Olibhéar, An Seanchaisleán	Institiúid Breisoideachais Dhroichead Átha	Coláiste Breisoideachais Dhún Bóinne
Pobalscoil Náisiúnta Ard Rí, An Uaimh	Pobalscoil Náisiúnta Fhochairde, Fochairde, Co. Lú	Ionad na Scoile Eorpaí, Dún Seachlainn

Forléargas agus Resumé ar Sheirbhísí BOOLM (Ar lean)

Breisoideachas agus Oiliúna			
Ionad Oiliúna	Dún Dealgan		
SDOG	Droichead Átha	Dún Dealgan	An Uaimh
Ógtheagmháil	Droichead Átha	Dún Dealgan	
	Ógtheagmháil (Bonnchúrsa), An Uaimh	Ógtheagmháil (Cúrsa Forchéimnithe), An Uaimh	
	Baile Átha Troim	Ceanannas	
	Cill Dhéagláin	An Inse/Baile an Bhiataigh	
	Baile Átha Fhirdhia		
Seirbhísí Foghlama d'Aosaigh **Treoir d'Aosaigh** **An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas** **Oideachas Pobail**	Droichead Átha	Dún Dealgan	An Uaimh
	Baile Átha Troim	Ceanannas	An Seanchaisleán
	Maigh Muirí	An Inse/ Baile an Bhiataigh	Dún Seachlainn
	Dún Bóinne	Baile Átha Buí	Cill Dhéagláin
	Baile Átha Fhirdhia		
Soláthar Cúrsaí Oíche	9 n-ionad i Lú agus sa Mhí		
Glúin an Cheoil	Lú		
Seirbhísí Óige	Lú	An Mhí	
Dearbhú Cáilíochta	Lú	An Mhí	

Stiúrthóireacht Scoileanna

Réamheolas maidir le Scoileanna & Coláistí BOOLM

Is é BOOLM an soláthraí oideachais chuimsithigh is mó i réigiún Lú agus na Mí. Tá raon seirbhísí oideachais á chur ar fáil, lena n-áirítear seirbhísí bunscoile agus iar-bhunscoile, breisoideachais agus oiliúna.

Bainistíonn BOOLM dhá Phobalscoil Náisiúnta, Ionad Scoile Eorpaí, 16 iar-bhunscoil (lena n-áirítear scoil amháin ina bhfuil cúrsa iar-Ardteistiméireachta á chur ar fáil) agus dhá Choláiste thiomnaithe do Chúrsaí iar-Ardteistiméireachta. Tuairiscíonn na Coláistí iar-Ardteistiméireachta in BOOLM don Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna. Chomh maith leis sin, tá BOOLM ag feidhmiú mar chomhphátrún ar shé Scoil Pobail, i mBaile Átha Fhirdia, Cill Dhéagláin, Baile Átha Buí, Droichead Átha, Ceanannas agus Baile Átha Troim.

Is ionad barr feabhais é gach scoil agus coláiste BOOLM i réimse an teagaisc, na foghlama agus na measúnachta ina phobal áitiúil. Cruthaíonn scoileanna BOOLM atmaisféar fáilteach do mhic léinn, baill foirne, tuismitheoirí agus do na pobail áitiúla ina bhfeidhmíonn siad. I ngach scoil/coláiste BOOLM tá caidreamh dearfach idir múinteoirí agus foghlaimeoirí, agus bíonn an t-atmaisféar a chruthaítear i rith na gceachtanna dearfach agus cabhraíonn sé go mór leis an bhfoghlaim. Tá curaclam leathan agus cothrom le raon leathan gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim, atá bunaithe ar chumas na mac léinn, le fáil i scoileanna BOOLM. Tá dea-cháil ar na scoileanna seo ar fad sna pobail áitiúla ina bhfuil siad ag feidhmiú, agus tá gach scoil ag leanúint le tairbhe a bhaint as neart tacaíochta ó thuismitheoirí agus ardleibhéal sástachta chomh fada is a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnacht.

Feachtais Pátrúnachta Scoile na Roinne Oideachais agus Scileanna

Bhí an BOOLM ina phátrún iarrthóra ar iar-bhunscoil 600 mac léinn san Inse, Co. na Mí agus bunscoil ocht seomra ranga i nDún Seachlainn, Co. na Mí, atá beartaithe a oscailt i Meán Fómhair 2019. Ag tús 2019, bronnadh pátrúnacht ar iar-bhunscoil nua i nDún Seachlainn ar BOOLM.

Chomh maith leis sin, bronnadh pátrúnacht ar Phobalscoil Náisiúnta Fhochairde ar BOOLM i mí Iúil 2018.

Líon Mac Léinn ar an Rolla i mBunscoileanna & Iar-bhunscoileanna & Coláistí BOOLM, Deireadh Fómhair 2018			
Scoil	**Suíomh**	**Contae**	**Líon ar an Rolla ag Deireadh Fómhair 2018**
Coláiste Beaufort	An Uaimh	An Mhí	491
Iar-bhunscoil Bush	Dún Dealgan	Lú	603
Coláiste Chú Chulainn	Dún Dealgan	Lú	519
Coláiste na hInse	Baile an Bhiataigh	An Mhí	1,008
Coláiste na Mí	An Uaimh	An Mhí	714
Coláiste Pobail Ráth Chairn	Ráth Chairn	An Mhí	124
Coláiste de Lacy	Cill Dhéagláin	An Mhí	401
Coláiste Pobail Dhún Seachlainn	Dún Seachlainn	An Mhí	1051
Coláiste Uí Chearbhalláin	An Obair	An Mhí	550
Coláiste Uí Fhiaich	Dún Dealgan	Lú	315
Coláiste Ráth Tó	Ráth Tó	An Mhí	1,046
Scoil Uí Mhuirí	Dún Léire	Lú	544
Coláiste Clavin	Maigh Dearmhaí	An Mhí	364
Iar-bhunscoil Naomh Olibhéar	An Seanchaisleán	An Mhí	583
Coláiste Pobail Naomh Olibhéar	Droichead Átha	Lú	1,337
Coláiste Naomh Peadar	Dún Bóinne	An Mhí	1,197
Ionad na Scoile Eorpaí	Dún Seachlainn	An Mhí	40
Pobalscoil Náisiúnta Ard Rí	An Uaimh	An Mhí	228
Pobalscoil Náisiúnta Fhochairde	Dún Dealgan	Lú	24
Iomlán	N/B	N/B	11,139

Foirne Bainistíochta Bhunscoileanna & Iar-bhunscoileanna & Coláistí BOOLM 2018			
Scoil	**Príomhoide**	**Leas-Phríomhoidí**	**Bainistíocht Shinsearach Iomlán**
Coláiste Beaufort	1	1	2
Iar-bhunscoil Bush	1	1	2
Coláiste Chú Chulainn	1	1	2
Coláiste na hInse	1	3	4
Coláiste na Mí	1	2	3
Coláiste Pobail Ráth Chairn	1	1	2
Coláiste de Lacy	1	1	2
Coláiste Pobail Dhún Seachlainn	1	3	4
Coláiste Uí Chearbhalláin	1	1	2
Coláiste Uí Fhiaich	1	2	3
Coláiste Ráth Tó	1	3	4
Scoil Uí Mhuirí	1	1	2
Coláiste Clavin	1	1	2
Iar-bhunscoil Naomh Olibhéar	1	1	2
Coláiste Pobail Naomh Olibhéar	1	3	4
Coláiste Naomh Peadar	1	3	4
Ionad na Scoile Eorpaí	1 (Stiúrthóir)	0	1
Pobalscoil Náisiúnta Ard Rí	1	1	2
Pobalscoil Náisiúnta Fhochairde	1	0	1
Iomlán	19	29	48

In 2018, d'fháiltigh BOOLM roimh cheathrar Príomhoidí nua agus roimh naonúr Leas-Phríomhoidí nua. Cuireadh ionduchtú BOOLM agus ionduchtú ionscoile ar fáil dóibh ar fad.

Tuarascálacha Cigireachta Bhunscoileanna & Iar-bhunscoileanna & Coláistí BOOLM 2018	
Scoil	**An Cineál Tuarascála Cigireachta**
Coláiste Beaufort	Cigireacht ar an nGaeilge
Coláiste na hInse	Cigireacht RSO
Coláiste na Mí	Cigireacht ar an nGnó & Cuntasaíocht
Coláiste Pobail Ráth Chairn	Cigireacht ar an gCorpoideachas
Coláiste de Lacy	Cigireacht ar an Eacnamaíocht Bhaile
Coláiste Ráth Tó	Cigireacht ar an Ealaín
Scoil Uí Mhuirí	Meastóireacht ar an Scoil Uile
Coláiste Clavin	Cigireacht ar an bhFraincis
Iar-bhunscoil Naomh Olibhéar	Meastóireacht ar an Scoil Uile

Roghnú Príomhthosaíochtaí i mBunscoileanna & Iar-bhunscoileanna & Coláistí BOOLM 2018	
1	Cuspóirí Straitéiseacha Ráiteas Straitéise BOOLM a Chur Chun Feidhme
2	Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí 2017, Cumhdach Leanaí & Measúnú Riosca, Tuairisciú don Bhord Bainistíochta
3	Leanúint leis an Leasú ar an tSraith Shóisearach a chur chun feidhme (Iar-bhunscoileanna)
4	Bunú agus Forbairt Aonad Riachtanas Speisialta (ARS)
5	Samhail Teagaisc an Oideachais Speisialta (TOS) a chur chun feidhme
6	Féinmheastóireacht Scoile
7	Moltaí ó Chigireachtaí na Roinne Oideachais agus Scileanna a chur chun feidhme
8	Cláir Folláine a fhorbairt & Treoirlínte Folláine NCCA a Chur Chun Feidhme
9	Cláir Aistrithe agus Idirthréimhse (Réamhscoil go Bunscoil, Bunscoil go hIar-bhunscoil & Iar-bhunscoil go Breisoideachas agus Ardoideachas & Fostaíocht) a fhorbairt
10	Gearrchúrsaí a Fhorbairt agus a Bhunú mar chuid den Leasú ar an tSraith Shóisearach
11	Ionduchtú do bhaill foirne nua (Ceannaireacht ball foirne, múinteoirí, foireann riaracháin agus choimhdeach)
12	Réamheolas maidir leis an gCóras Íocaíochta Ar Líne *Way2Pay* & ar an gCóras Bainistíochta Sócmhainní
13	Rolladh amach an chórais DCS do mhúinteoirí páirtaimseartha
14	Tacú le mic léinn atá ag Aistriú
15	Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015 - 2020 a Chur Chun Feidhme
16	Cláir Foghlama Leibhéal 2 (L2LP) a bhunú mar chuid den Leasú ar an tSraith Shóisearach
17	Litir Chiorcláin 0003/2018 maidir le Ceannaireacht agus Bainistíocht in Iar-bhunscoileanna agus 0070/2018 Ceannaireacht agus Bainistíocht i mBunscoileanna a chur chun feidhme, lena n-áirítear athbhreithniú ar riachtanais agus tosaíochtaí scoile, agus sealbhóirí poist API agus APII a cheapadh
18	Pleananna DEIS i seacht scoil DEIS BOOLM, ceithre scoil i Lú agus trí scoil sa Mhí, a athbhreithniú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme
19	Comhlíontacht RGCS, Comhlíontacht Soláthair
20	Seicliosta Rialála Féinmheastóireachta Scoile & Athbhreithniú ar Bheartais & Nós Imeachta Scoile

Roghnú Cruinnithe Tosaíochta/Forbairt Ghairmiúil Leanúnach in 2018	
1	Cruinnithe Príomhoidí leis an bPríomhfheidhmeannach, Stiúrthóirí & Cinn Roinne
2	Cruinnithe Fóraim Ceannairí Scoile le Stiúrthóir Scoileanna
3	Clár Ionduchtúcháin do Cheannairí Scoile nua
4	Clár Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí & Teagascóirí Nua-Cheaptha
5	Cruinnithe le Comhordaitheoirí Idirbhliana, ATF, GCAT & TSCS
6	Cruinnithe Pleanála Airgeadais le Príomhoidí
7	Cruinnithe Pleanála TFC le Príomhoidí
8	Cruinnithe Pleanála Earcaíochta le Príomhoidí
9	Cruinnithe Leithdháilte Teagaisc le Príomhoidí
10	Cruinnithe le Príomhoidí DEIS
11	Cruinnithe le hOifigigh Teagmhála Baile, Scoile agus An Phobail
12	Oiliúint an Bhoird Bainistíochta – Cosaint Leanaí

13	Miontuairiscí Bord Bainistíochta
14	Cosaint Sonraí, RGCS, Córas Bainistíochta Sócmhainní, Córas DCS, Córas *Way2Pay*
15	Oiliúint Sceidealóra
16	Ceardlann maidir le hIonchuimsiú Mac Léinn do Cheannairí Scoile
17	Ceardlann na Comhairle Mhúinteoireachta do Cheannairí Scoile
18	Ceardlann Bunluachanna BOOE
19	Féinmheastóireacht Scoile le Cigirí Sinsearacha na Roinne Oideachais agus Scileanna
20	An Leasú ar an tSraith Shóisearach a Chur Chun Feidhme le Pearsanra JCT
21	Cruinnithe le Cúntóirí Riachtanas Speisialta
22	Cruinnithe le Comhordaitheoirí OCG chun athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais OCG i Scoileanna & Coláistí BOOLM

Aonaid Riachtanas Speisialta a fhorbairt i mBunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna BOOLM

Tá Aonaid Riachtanas Speisialta (ARS) ag BOOLM i seacht nIar-bhunscoil. In 2018, osclaíodh an dara ARS i Scoil Uí Mhuirí, Dún Léire, Iar-bhunscoil Naomh Olibhéar, An Seanchaisleán agus osclaíodh dhá ARS nua i gColáiste Clavin, Maigh Dearmhaí.

Gearrchúrsaí Bunaithe in Iar-bhunscoileanna & Coláistí BOOLM 2018 mar chuid den Leasú ar an tSraith Shóisearach

Bhunaigh roinnt Iar-bhunscoileanna agus Coláistí BOOLM gearrchúrsaí sna réimsí seo a leanas - Corpoideachas, OSSP, OSPS, Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha, Fealsúnacht agus Códú.

Cláir Foghlama Leibhéal 2 (L2LP) Bunaithe in Iar-bhunscoileanna & Coláistí BOOLM mar chuid den Leasú ar an tSraith Shóisearach

Tá roinnt scoileanna agus coláistí BOOLM i ndiaidh a bheith ag obair le *Junior Cycle for Teachers* (JCT) chun L2LP do mhic léinn a fhorbairt agus a bhunú.

Tionscnaimh Nua Teagaisc & Foghlama á bhForbairt agus á gCur Chun Feidhme i Scoileanna agus Coláistí BOOLM

TL21, Clár BOOE sa Cheannaireacht Theagascach, Cleachtas Íocshláinte, Cumhacht Foghlama a Fhorbairt, Cláir Iompraíochta don Fhoghlaim NBSS, Cláir Chairde NEPS, *Battelle for Kids*, Modheolaíochtaí Teagaisc Comhoibríocha, TFC a Áireamh sa Teagasc agus san Fhoghlaim go hÉifeachtach, *Get Up Stand Up*, *Super Troopers*, Cláir na Scoileanna Glasa, Cláir an Bhrait Ghníomhaigh, Cláir an Bhrait Bhuí agus Cláir Scileanna Staidéir.

Tionscadail Phíolótacha na Roinne Oideachais & Scileanna á gCur Chun Feidhme i Scoileanna & Coláistí BOOLM

Tionscadal Píolótach na hEolaíochta Ríomhaireachta don Ardteistiméireacht

Bhí Iar-bhunscoil Bush i measc ceann de 40 iar-bhunscoil ar fud na tíre, ar tairgeadh áit di ar Thionscadal Píolótach na hEolaíochta Ríomhaireachta don Ardteistiméireacht. Díríonn an Eolaíocht Ríomhaireachta don Ardteistiméireacht ar conas is féidir ríomhchlárú agus smaointeoireacht ríomhaireachtúil a chur i bhfeidhm chun fadhbanna a réiteach, agus cén tionchar atá ag teicneolaíocht ríomhaireachta ar an domhan mórthimpeall orainn. Foghlaimeoidh mic léinn a ghlacann páirt sa chúrsa an méid seo a leanas: Smaointeoireacht ríomhaireachtúil, conas anailís a dhéanamh ar fhadhbanna i dtéarmaí ríomhaireachtúla, Teangacha ríomhchlárúcháin agus conas ríomhchláir a léamh, a scríobh, a thástáil agus a mhionathrú, Dearadh cruthaitheach, Déantáin ríomhaireachtúla cosúil le leathanaigh ghréasáin, beochaintí digiteacha, ionsamhlúcháin, cluichí, feidhmchláir agus córais róbataice a dhearadh, gnéithe eiticiúla, stairiúla, comhshaoil agus teicneolaíocha na hEolaíochta Ríomhaireachta, agus an tionchar a bhíonn aige ar fhorbairt shóisialta agus gheilleagrach na sochaí.

Tionscadal Píolótach Corpoideachais na hArdteistiméireachta

Bhí Coláiste Beaufort agus Coláiste Ráth Tó i measc an 80 scoil a roghnaíodh chun páirt a ghlacadh i dtionscadal píolótach don Chorpoideachas don Ardteistiméireacht. Soláthróidh an tsonraíocht do Chorpoideachas na hArdteistiméireachta (CAT) deis d'fhoghlaimeoirí staidéar a dhéanamh ar an gcorpoideachas do scrúdú na hArdteistiméireachta, rud a chiallaíonn go bhfuil ábhar roghnach bhreise ar fáil do scrúdú na hArdteistiméireachta.

Athbhreithniú na Roinne Oideachais & Scileanna & NCCA ar Oideachas na Sraithe Sinsearaí

Tá ionadaíocht á déanamh ag Coláiste Pobail Dhún Seachlainn ar BOOLM don athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach ag Leibhéal Náisiúnta, athbhreithniú ar cuireadh tús leis in 2018.

Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta na Roinne Oideachais agus Scileanna

Tá Coláiste Pobail, Ráth Chairn, roghnaithe chun páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Mar chuid den scéim, tá an scoil ag baint tairbhe as leithdháileadh breise teagaisc, deontas d'acmhainní teagaisc agus foghlama, seimineáir eolais agus imeachtaí FGL agus tacaíocht ón gCigireacht.

Seachtainí Téamúla i Scoileanna & Coláistí BOOLM

Reáchtáil Scoileanna & Coláistí BOOLM roinnt seachtainí téamúla i rith 2018 lena n-áirítear litearthacht, uimhearthacht, folláine, frithbhulaíocht, scileanna staidéir, idirchultúrachas, LADT, scoileanna gníomhacha, scoileanna glasa, ionduchtú, cairdeas, feasacht ar uathachas, códú, sábháilteacht ar bhóithre, idirlíon níos sábháilte, eolaíocht, teicneolaíochtaí agus Seachtain na Gaeilge.

Ábhair STEM a Chur Chun Cinn

Tá Scoileanna & Coláistí BOOLM tiomanta d'ábhair STEM a chur chun cinn agus go háirithe spéis cailíní in STEM. I measc cuid de na tionscnaimh a rinneadh in 2018 bhí cuairteanna a bheith á dtabhairt ag daoine atá obair sa réimse STEM ar sheomraí ranga, cuairteanna ar ghnóthaí sa phobal áitiúil, rannpháirtíocht agus freastal ar BTYSE, rannpháirtíocht agus freastal ar Scifest, seachtainí Innealtóireachta i scoileanna, comhpháirtíocht le gnóthaí áitiúla sa phobal, taispeántais ar oícheanta oscailte scoile, comhpháirtíochtaí leis an Institiúid Fisice, Seachtainí Mata, Eolaí Beag Intel, Lá Charles Darwin, códú, Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha, Sainchláir Microsoft Office, modúil ailtireachta TY

Tuairisciú do Thuismitheoirí/Caomhnóirí

Reáchtáil Scoileanna & Coláistí BOOLM cruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí do gach Bliainghrúpa. I roinnt scoileanna agus coláistí BOOLM, tugadh cuireadh do mhic léinn freastal ar chruinnithe lena dtuismitheoir/caomhnóir. Dáileadh tuairiscí ar thuismitheoirí/ar chaomhnóirí i rith na bliana, agus ina lán cásanna, cuireadh grád agus nóta tráchta ar fáil freisin. Tá sé curtha in iúl ag lucht bainistíochta na scoileanna go bhfuil gráid á lorg ag tuismitheoirí/caomhnóirí ar thuairiscí agus ina lán cásanna nach bhfuil siad ar son díreach nóta tráchta a fháil ar na tuairiscí. Cruthaíonn sé seo dúshlán do na scoileanna mar go bhfuil na buntáistí a bhaineann le díreach nóta tráchta a chur ar fáil ar thuairiscí á léiriú ag treochtaí agus taighde reatha. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag gach scoil ar an nós a bhaineann le tuairiscí rialta i gcomhthéacs na CBA agus AT nua atá bunaithe mar chuid den Leasú ar an tSraith Shóisearach.

Torthaí Dearfacha sna Scrúduithe Stáit

Arís i mbliana, d'éirigh thar cionn le mic léinn BOOLM agus tá na torthaí a fuair ár mic léinn ar fad a rinne scrúduithe thar barr. Is fianaise iad na torthaí iontacha seo ar thiomantas agus ar dhíograis na mac léinn. Go ginearálta, tá méadú suntasach tagtha ar líon na mac léinn atá ag tabhairt faoi pháipéir ardleibhéil i raon ábhar agus táimid ag súil go leanfar leis an treocht seo amach anseo. Bhí na torthaí i roinnt ábhar thar barr ar fad. Fuair roinnt dár mic léinn Ardteistiméireachta i bhfad níos mó ná 500 pointe agus tá siad anois ag tabhairt faoi chúrsaí agus gairmeacha i raon réimsí difriúla.

Tá na mic léinn a rinne an Teastas Sóisearach anois i mbun na Sraithe Sinsearaí agus tá siad ag tabhairt faoin Idirbhliain, an Ardteistiméireacht Bhunaithe, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach nó Gairmchlár na hArdteistiméireachta.

Go luath i ngach scoilbhliain, buaileann baill roinne as ár scoileanna ar fad ar bhonn foirmiúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí scrúdaithe na mac léinn, agus chun na torthaí seo a chur i gcomparáid leis an meán náisiúnta agus le torthaí na bliana seo caite san ábhar i gceist sa scoil i gceist. Déantar nótaí agus cinntí maidir le haon athruithe nach mór a dhéanamh. D'fhéadfadh go mbainfeadh na hathruithe seo le teagasc, foghlaim agus measúnú ábhar, cur chun cinn agus roghnú an ábhair ag leibhéal scoile, struchtúr roghanna, clár ama agus acmhainní, agus rudaí eile nach iad. Chomh maith leis sin, tagraíonn múinteoirí ábhair do scéimeanna marcála agus tuairiscí príomhchigirí maidir le hábhair. D'fhéadfaí plé agus díospóireacht i measc ball roinne a bhunú ar na doiciméid seo agus is acmhainn thábhachtach iad chun cabhrú le pleanáil ábhair, roinne agus aonair do theagasc agus foghlaim.

Is mian linn athuair tréaslú lenár mic léinn as a gcuid torthaí iontacha agus aitheantas agus buíochas a ghlacadh go poiblí leis an bhfoireann teagaisc atá tiomanta, tacúil agus gairmiúil atá ag obair inár

scoileanna agus coláistí as a ndíograis chun ár mic léinn a ullmhú do na scrúduithe seo. Guímid gach rath ar ár mic léinn agus iad ag tabhairt faoin Ardoideachas agus Breisoideachas agus Oiliúint.

Scoláireachtaí & Dámhachtainí bronnta ar Mhic Léinn mar thoradh ar Chomórtais	
Scoláireachtaí Gaeltachta Bronnta (BOOLM)	Scoláireachtaí Gaeltachta Bronnta ar Scoileanna & Coláistí BOOLM mar atá daingnithe ag Bord BOOLM
Scoláireachtaí Ollscoile Bronnta	Bronnadh Dámhachtainí Scoláireachta Naughton, Dámhachtainí Scoláirí UCD, Dámhachtainí Ardghnóthachtálaithe DCU, Dámhachtainí Iontrála na Tríonóide agus Damhachtainí Barr Feabhais Ollscoile sa Ghnó Mhá Nuad ar mhic léinn ó Scoileanna & Coláistí BOOLM
Duais-sparánacht Ghrúpa Coláiste	Mac Léinn ó Choláiste Uí Chearbhalláin
Dámhachtainí eile	Dámhachtainí Mic Léinn na Míosa (laistigh de scoileanna), Searmanas Bliantúil Dámhachtainí (laistigh de scoileanna), Dámhachtainí Acadúla BOOLM, dámhachtainí na gCumann Ábhair, Dámhachtainí BTYSE, Dámhachtainí Eolaí Beag Intel, Dámhachtainí Junk Kouture, Dámhachtainí Fiontraí Óg, Dámhachtainí Cuideachtaí Beaga Idirbhliana, Dámhachtain Nuálaíochta agus Cruthaitheachta BSL & Dámhachtainí Comórtas Ealaíne Idirscoile BOOLM

Roghnú Príomhdhúshlán i mBunscoileanna & Iar-bhunscoileanna & Coláistí BOOLM 2018	
1	Soláthar Múinteoirí – easpa múinteoirí cáilithe i raon réimsí ábhair lena n-áirítear Mata (Ardteistiméireacht Ardleibhéil), Nuatheangacha Iasachta, Eolaíochtaí, RSO, Gairmthreoir, Eacnamaíocht Bhaile, Gaeilge agus ábhair Theicneolaíochta.
2	Teastaíonn tacaíocht leanúnach i réimse na Difreála.
3	Tá dóthain áiteanna ar fáil i scoileanna chun freastal ar an éileamh atá ar áiteanna go háirithe i gceantair cosúil le Dún Bóinne, Dún Seachlainn agus Cill Dhéagláin.
4	Cinntí déanta ag Boird Bhainistíochta maidir le habhantracha chun Cead Iontrála a thabhairt do mhic léinn.
5	Leibhéal na hoibre riaracháin i scoileanna chun comhlíontacht a chinntiú maidir le hiniúchadh, soláthar, RGCS, agus i láthair na huaire, rúnaí amháin a bheith leithdháilte ar scoileanna.
6	Leithdháileadh íseal feighlithe agus glantóirí i scoileanna a bhfuil fás ag teacht ar go leor acu mar gheall ar an áit a bhfuil siad lonnaithe.
7	Ganntanas clár oiriúnach do mhic léinn idir 12 – 15 bliana d'aois a bhfuil an baol ann go bhfágfaidh siad an scoil go luath.
8	Tuiscint mac léinn, ball foirne, tuismitheoirí agus an phobail ar an gclár ATF.
9	Ganntanas spás oiriúnach do sheomraí ranga agus méadú ar líon na cóiríochta sealadaí ar an suíomh i scoileanna.
10	Ganntanas áiseanna Corpoideachais.
11	Dúshláin a bhaineann le sceidealú Measúnachtaí Seomra Ranga (MSR) agus Tascanna Measúnachta (TM) i scoileanna mar chuid den Leasú ar an tSraith Shóisearach.

12	Dúshláin a bhaineann le sceidealú gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim i scoileanna mar gheall ar mhéadú ar an líon MSR agus TM de réir mar a bheidh an Leasú ar an tSraith Shóisearach á chur chun feidhme ina iomláine.
13	Breis spáis shábháilte chun ábhair scrúdaithe, tionscadail, punanna etc. a stóráil.
14	Ró-ualach tionscnamh i scoileanna.
15	Níl aon chinneadh críochnaitheach déanta maidir le Rialachas Náisiúnta ar an gClár Críochnaithe Scolaíochta atá ag feidhmiú i Scoileanna DEIS BOOLM.
16	Méadú ar líon na mac léinn atá ag freastal ar scoileanna a bhfuil Deacrachtaí Meabhairshláinte acu agus moill ar Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS) a rochtain.

STUDENT THEATRE
St. Oliver's Community College
2016 Bord Gáis Energy Student Theatre Awards
Winners of the LMETB Debating Competition
Mary Barnett Memorial Trophy

Class of 2018



Stiúrthóireacht Breisoideachais agus Oiliúna

Réamheolas maidir le Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna BOOLM
Soláthraíonn Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna BOOLM deiseanna oideachais aosaigh ionchuimsitheacha, solúbtha, creidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe do bhreis is 18,000 tairbhí gach bliain. Tá an soláthar á chur ar fáil go lánaimseartha agus go páirtaimseartha in ionaid Breisoideachais agus Oiliúna i gCo. Lú agus i gCo. na Mí, san Ionad Réigiúnach Oiliúna Scileanna i nDún Dealgan, dhá institiúid PLC i nDún Dealgan agus Droichead Átha, agus coláiste amháin i nDún Bóinne. Tá na cúrsaí atá á gcur ar fáil leathan agus eagsúil agus is féidir iad a dhéanamh ar bhonn páirtaimseartha nó lánaimseartha.
• Iad siúd a d'fhág an scoil go luath agus ar main leo filleadh ar an oideachas ar bhonn páirtaimseartha nó lánaimseartha; • Aosaigh ar mian leo páirt a ghlacadh i gclár Ardteistiméireachta; • Daoine óga 15 bliana d'aois agus níos sine nár éirigh go maith leo ar scoil; • Daoine a bhí gnóthach i mbun cúraimí teaghlaigh agus ar mian leo tabhairt faoi uas-sciliú nó athoiliúint agus • Daoine ar mian leo páirt a ghlacadh i gcúrsa oiliúna nó airgead a thuilleamh le linn dóibh a bheith ag tabhairt faoi phrintíseacht; • Ranganna Béarla dóibh siúd nach é Béarla a gcéad teanga, ranganna Béarla do theaghlaigh de theifigh athlonnaithe, agus iarrthóiri tearmainn san ionad soláthar díreach i Maigh Muirí.

Áirítear i measc na ndeiseanna oideachais
• Raon iomlán cúrsaí gairme creidiúnaithe atá á gcur ar fáil trí chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, SDOG, Ógtheagmháil agus an tIonad Réigiúnach Oiliúna Scileanna. • Raon leathan cúrsaí páirtaimseartha creidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe atá á gcur ar fáil trí TFO agus an tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh. • Scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, uimhearthachta agus TF á gcur ar fáil in ionaid éagsúla BOO ar fud Lú agus na Mí. • Tacaíocht litearthachta duine le duine; tacaíocht litearthachta do chúrsaí printíseachta. • Soláthar Oideachais Pobail in ionaid pobail áitiúla sa dá chontae • Cúrsaí creidiúnaithe agus caithimh aimsire á gcur ar fáil i bhfoirm ranganna oíche i scoileanna áitiúla sa dá chontae. • Chomh maith leis sin, comhoibríonn BOOLM le gníomhaireachtaí eile trí uaireanta comhoibrithe chun cláir éagsúla a chur ar fáil atá ag freastal ar riachtanais éagsúla cliantghrúpaí i bpobail áitiúla. • Raon leathan seirbhísí do dhaoine óga idir 10 agus 24 bliain d'aois i gcomhpháirt leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

- Rochtain ar an tSeirbhís Treorach Oideachais d'Aosaigh agus Faisnéise. Soláthraíonn an tseirbhís seo comhairle saor in aisce, rúnda agus neamhspleách do dhuine ar bith ar mian leis/léi eolas a fháil faoi na deiseanna oideachais agus oiliúna atá ar fáil go náisiúnta agus le BOOLM.

Chomh maith leis sin, tacaíonn Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna BOOLM leis an tionscal tríd an méid seo a leanas a chur ar fáil:

- Oiliúint bunscileanna saor in aisce d'fhostaithe san áit oibre nó lasmuigh den áit oibre faoin gClár Scileanna don Obair
- Oiliúint Scileanna Digiteacha saor in aisce laistigh nó lasmuigh den áit oibre d'fhostaithe i dtionscail déantúsaíochta sa chlár *Explore*.
- Deiseanna spéisiúla nua d'fhostóirí agus d'fhostaithe faoin Tionscnamh nua *Skills to Advance* www.solas.ie/skillstoadvance. Tairgeann an tionscnamh nua seo deiseanna forbartha scileanna dóibh siúd a bhfuil poist ag leibhéal scile níos ísle acu, atá ag obair i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide in earnálacha leochaileacha.

Seoladh Oifigiúil an Fhíseáin "If the shoe was on the other foot" le Prosper Cheanannais, Dé Céadaoin, an 20 Márta in Óstán an Headfort Arms, do Lá Idirnáisiúnta Siondróm Down na hÉireann. Labhair an tAire Helen McEntee ag an seoladh. Ba é Seirbhís Oideachais Pobail BOOLM na Mí a sholáthar agus a mhaoinigh an Rang san Fhísléiriú.

Teastais Gharchabhrach á mbronnadh ar cheann de na grúpaí nua atá páirteach i Seirbhís Oideachais Pobail Lú, Grúpa Ban Moslamach Dhún Dealgan.

Bronnadh an chéad duais ar an bportráid dhuaisbhuaiteach “Amy” le Alex Rooney, mac léinn sa chéad bhliain in Ógtheagmháil Chill Dhéagláin i gcatagóir

Bronnadh dámhachtainí ar na foghlaimeoirí ó TFO Lú, Sherin Haidar agus Christine Holmes, as an gclár Réamheolas maidir le Cúram Leanaí agus Cúram Sláinte a dhéanamh.

Mic Léinn Ógtheagmháil Bhaile Átha Troim ag obair i bhfoirne ar an gClár Ceannaireachta Spóirt

Maidin Bhronnadh Dámhachtainí mhic léinn Ógtheagmháil Dhroichead Átha 2018

Sa ghrianghraf le Imelda Prunty, Oifigeach Oideachais d'Aosaigh tá Foghlaimeoirí SDOG na Mí – Masindi Phiriga agus Adam Coogan a fuair na scóir is airde in Éirinn sa pháipéar Comhcheangailte Fisice agus Ceimice

Soláthar BOO

Fuair BOOLM maoiniú de €29.2m ó SOLAS in 2018 agus thacaigh sé le breis is 18,000 tairbhí atá ag tabhairt faoi raon clár atá leagtha amach sa léaráid thíos. San áireamh sna tairbhithe a ghlac páirt i ngach clár maoinithe bhí 19,055 foghlaimeoir, arb ionann é sin agus 12,631 Foghlaimeoir nua / tosaitheoir i dtréimhse 2018. Ní áirítear sna figiúirí seo na cláir Fhéinmhaoinitheacha dá dtagraítear thíos.

Tairbhithe 2018: Cláir BOO

Clár	**Tairbhithe Iarbhíre 2018**
Printíseacht +2016	0
Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh	2,064
Printíseacht 2017	122
Printíseacht 2,4,6	850
Nasc-Oiliúint agus Bunoiliúint	96
Grúpaí TFO	1,521
Oideachas Pobail	3,002
Oiliúint Pobail	76
BCTE	1,915
Oiliúint Cúrsaí Oíche	544
Uaireanta Comhoibrithe BOO	1,823
Dianteagasc in Oideachas Bunata Aosach (DTOBA)	190
Tionscnamh Oiliúna Áitiúil	288
PLC	4,367
Athlonnú Teifeach	137
Scileanna don obair	162
Soláthraithe Sainoiliúna	197
Oiliúint Sainscileanna	537
Skills to advance	24
Cúrsa Oiliúna	219
Teagasc Deonach Litearthachta	146
VTOS Core	300
Ógtheagmháil	475
Iomlán	**19,055**

Féinmhaoiniú Cúrsaí Oíche BOOLM	
Téarma	**Líon na bhFoghlaimeoirí**
Earrach 2018	1,575
Fómhar 2018	1,227
Líon Iomlán na bhFoghlaimeoirí 2018	**2,802**

Comhaontuithe Feidhmíochta Straitéiseacha

Tá Comhaontú Feidhmíochta forbartha ag BOOLM le SOLAS, inar shainmhínigh BOOLM, (faoi réir faomhadh buiséid agus meas a léiriú ar threo athraitheach bhuiséad an rialtais sa tréimhse i gceist), Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach don tréimhse 2018 -2020.

Mar chuid den obair ullmhúcháin a bhain leis an gcomhaontú seo, d'oibrigh Baill Foirne BOOLM go díograiseach chun a oibriú amach, ó earnáil go hearnáil, cén céatadán, is féidir linne in BOOLM cur leis na spriocanna náisiúnta atá sainmhínithe sa tábla thíos.

Tabhair faoi deara, na céatadáin chomhaontaithe le haghaidh BOOLM atá sonraithe. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, tá an chuma ar an scéal ag an tráth seo go n-éireoidh le BOOLM formhór na spriocanna a chomhlíonadh.

Sprioc Náisiúnta 1	Sprioc Náisiúnta 2	Sprioc Náisiúnta 3	Sprioc Náisiúnta 4	Sprioc Náisiúnta 5	Sprioc Náisiúnta 6
Soláthar de réir Earnála Éireoidh le 10% níos mó Foghlaimeoirí Fostaíocht a fháil ón soláthar a fhreastalaíonn go príomha ar an Margadh fostaíochta	Soláthar de réir Earnála Leanfaidh 10% níos mó Foghlaimeoirí ar aghaidh chun cúrsa Eile Breisoideachais nó Ardoideachais a dhéanamh ón soláthar atá dírithe go príomha ar an gcuspóir seo	Soláthar de réir Earnála Méadú 10% ar an ráta teastasaithe ar chúrsaí atá dírithe go príomha ar fhorbairt tras-scileanna (soghluaisteacht shóisialta)	Soláthar de réir Earnála Méadú 10% ar líon na n-aosach ar spéis leo soláthar ag leibhéal BOO atá ag glacadh páirte in idirghabhálacha foghlama ar Feadh an tSaoil	Soláthar de réir Earnála Méadú 10% ar cháilíochtaí ábhartha i gcláir BOO, méadú 10,000 ar fhoghlaimeoirí in aghaidh na bliana atá ag fáil cáilíochtaí ábhartha in earnálacha ina bhfuil riachtanais fáis/scileanna sainaitheanta	Cláir oiliúna. Sprioc náisiúnta Oiliúna de 19,000 (2016-2020) , 13,900 (2018- 2020) tosaithe
% BOOLM Sprioc 1	% BOOLM Sprioc 2	% BOOLM Sprioc 3	% BOOLM Sprioc 4	% BOOLM Sprioc 5	% BOOLM Sprioc 6
16%	10%	13%	11%	41%	102%

Creidiúnú

Tá cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna BOOLM creidiúnaithe ag raon soláthraithe dearbhaithe cáilíochta. Is é Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) an príomhsholáthraí. Féach ar na staitisticí teastasaithe thíos. Tá teastasú á dhéanamh freisin ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus ag City & Guilds; ag comhlachtaí sonracha: ITEC; CIBTAC; NEBDN; ag comhlachtaí spóirt: an Comhlacht Náisiúnta Aclaíochta agus Corpacmhainne; FAI; CLG; Cumann Cispheile na hÉireann; Sábháilteacht Uisce na hÉireann; Cumann Eitpheile na hÉireann; IRFU; Cumann Badmantain na hÉireann; Aontas Canúála na hÉireann; Comhairle Sléibhteoireachta na hÉireann; Cumann Seoltóireachta na hÉireann; speisialtóirí TF Microsoft; ILM; EIS agus Gradam an Uachtaráin: Gaisce.

Dámhachtainí QQI







Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta (TFE)

Glúin an Cheoil

I mí Mheán Fómhair 2018, bhog Glúin Cheoil Lú ón Stiúrthóireacht Breisoideachais agus Oiliúna go dtí an Stiúrthóireacht TFE. Is seirbhís oideachais ceoil é Glúin Cheoil Lú a chruthaíonn deiseanna ar fud an chontae do leanaí agus daoine óga suas go dtí 18 mbliana d'aois chun ceol a fhoghlaim. Soláthraítear raon éagsúil tionscadal gutha agus uirlise a reáchtáiltear i scoileanna agus i suíomhanna pobail.

Tá maoirseacht á déanamh ar Ghlúin Cheoil Lú ag Coiste Boird (Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Lú) agus is cuid de Ghlúin an Cheoil í – Clár Oideachais Ceoil Náisiúnta na hÉireann. Ba é an Líonra Ceoil, comhbhunaithe ag U2, Cistí na hÉireann, agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ar leibhéal áitiúil, tá BOOLM, *Create Louth* agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan ag tacú leis an gclár.

	2018	2017
Líon na gclár	14	14
Rannpháirtíocht (Cailíní)	1,830	930
Rannpháirtíocht (Buachaillí)	1,462	918
Rannpháirtíocht (aois bunscoile)	2,725	1,483
Rannpháirtíocht (aois iar-bhunscoile)	567	365
Rannpháirtíocht Iomlán	3,292	1,848

A music service for the county that
aims to help children and young

Admhálacha agus Íocaíochtaí i gcomparáid lena raibh Pleanáilte

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí			
Admhálacha agus Íocaíochtaí don Bhliain Dar Chríoch an 31 Nollaig 2018			
		Iarbhír (Dréacht) (1)	**Plean Seirbhíse (2)**
		€	**€**
ADMHÁLACHA			
Scoileanna Iar-bhunoideachais & Deontais Príomhoifige		73,544,637	71,909,438
Deontais Bunscoile		80,609	129,591
Deontais Breisoideachais agus Oiliúna		29,228,722	81,229,103
Deontais Seirbhísí Óige		503,190	693,371
Gníomhaireachtaí & Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha		6,685,837	5,297,977
Deontais Chaipitil		13,088,985	12,478,000
		123,131,980	**172,737,480**
ÍOCAÍOCHTAÍ			
Iar-bhunscoileanna & Príomhoifig		72,920,461	71,909,438
Bunscoil		103,911	129,591
Breisoideachas agus Oiliúint		28,142,967	81,229,103
Seirbhísí Óige		628,471	693,371
Gníomhaireachtaí & Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha		8,609,687	7,208,605
Caipiteal		12,376,676	13,478,000
		122,782,173	**174,648,108**
Barrachas/(easnamh) airgid don tréimhse		349,807	
_____			
Nótaí			
(1) De réir na ndréachtráiteas airgeadais a cuireadh faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i Márta 2019. Ní raibh na dréachtráitis airgeadais faoi réir iniúchta agus, dá réir sin, tá siad faoi réir athbhreithnithe.			
(2) De réir an Phlean Seirbhíse a cuireadh faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna i mí Feabhra 2018.			

Foilseoidh BOOLM na Ráitis Airgeadais Bhliantúla le haghaidh 2018 laistigh de mhí ón tuarascáil iniúchóra a fháil ó C&AG

Cód Caiteachais Phoiblí

Athdhearbhaítear i rún R20/05/2019, BOOLM a dtiomantas do gach ceanglas a bhaineann le gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí a chomhlíonadh agus dearbhaíonn sé chomh maith, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód, go bhfuil siad sásta, in 2018, gur chloígh an Bord le gnéithe ábhartha an chóid sin, agus tá aird tarraingthe ar réimsí a bhféadfaí iad a fhorbairt i Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2018.

Oibleagáidí Faoin Dlí Cánach

Deimhníonn BOOLM go bhfuil a hoibleagáidí faoin dlí cánach comhlíonta aige.

Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair

Athdhearbhaítear i rún R21/05/2019, BOOLM, a thiomantas gach ceanglas a bhaineann le beartais agus nósanna imeachta ábhartha soláthair a chomhlíonadh, agus chomh maith leis sin in 2018, nuair a bhí a phlean soláthair chorparáidigh á chur chun feidhme aige (mar atá tugtha faoi deara ag an mBord ar an 17/05/2018) gur chloígh sé le gnéithe ábhartha na mbeartas agus na nósanna imeachta sin seachas sna réimsí sin a bhfuil sé luaite i Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2018 atá le forbairt.

Staitisticí maidir le híocaíochtaí

An Cineál Íocaíochta	Ritíocaíochta		Idirbhearta	
	2018	**2017**	**2018**	**2017**
Creidiúnaithe	53	57	20,961	21,100
Creidiúnaithe RSTC	104	115	1,279	2655
Taisteal & Cothabháil	11	15	1,452	950
Liúntais SDOG	52	52	4,514	5,270
Liúntais Ógtheagmhála	52	52	7,864	10,500
Liúntais Oiliúna RSTC	51	50	25,160	25,459
Íocaíochtaí Tuarastail	27	26	12,025	33,400
Íocaíochtaí Míosúla Tuarastail	30	12	45,434	13,560

Líon na bhFostaithe

Líon na bhFostaithe	2018	2017
	2,394	2,296

Cruinnithe Boird BOOLM/Freastal agus Táillí

De réir cheanglais Litir Chiorcláin 0018/2015 na Roinne Oideachais agus Scileanna, sonraítear sa tábla seo a leanas costais agus freastal ar chruinnithe Bhaill BOO.

	Cruinnithe Reachtúla €	Boird Agallaimh (5) €	Freastal ar Chomhdhálacha/ ar Sheimineáir €	Bord Bainistíochta €	Eile €	Iomlán T & S &Táille €	Líon Cruinnithe Boird ar Freastalaíodh orthu/Reáchtáilte
Cormac Bohan	107	-	-	-	-	107	3/10
Alan Breathnach (2)	-	-	-	-	-	-	0/10
Marianne Butler	197	1,682	-	-	-	1,879	8/10
Sean Carey	274	-	-	90	-	364	9/10
Catherine Clair	470	-	-	-		470	9/10
Jennifer D'Arcy	201	48	-	-	-	249	6/10
Trevor Golden	-	-	-	-	-	-	4/10
Siobhan Greer (6)	282	7,805	-	-	-	8,087	8/10
Wayne Harding	111	5,023	11	-	-	5,145	9/10
Nick Killian	318	1,298	-	-	-	1,616	9/10
Eimear Ferguson (6)	-	3,388	-	-	-	3,388	7/10
Maria Murphy	178	680	109	-	-	967	9/10
Ciaran O'Donnell	731	106	408	148	-	1,393	9/10
Ashimedua Okonkwo	84	512	23	-	-	619	1/10
Damien O'Reilly	286	1,471	51	105	-	1,913	8/10
Peter Savage	-	-	-	-	-	-	6/10

Tomás Sharkey	207	468	-	-	-	675	8/10
Bill Sweeney (6)	1,324	1,903	369	96	-	3,692	8/10
Sharon Tolan (3)	62	607	-	-	-	669	7/10
Oliver Tully (1)+(6)	1,581	1,754	1,074	202	-	4,611	8/10
Maeve Yore	232	-	-	-	-	232	7/10
Iomlán	**6,645**	**26,745**	**2,045**	**641**	**-**	**36,076**	

(1) Ball BOOE – Oliver Tully.
(2) Cathaoirleach – Thomas Sharkey go dtí gur éirigh sé as ar an 20/09/2018. Níor ceapadh aon duine ina áit in 2018.
(3) Cathaoirleach – Sharon Tolan. Cathaoirleach Gníomhach faoi R. 62/09/18. Ainmnithe mar Chathaoirleach go hoifigiúil i mí na Samhna 2018.
(4) D'éirigh Alan Breathnach as ar an 22/3/2018. Níor ceapadh aon duine ina áit in 2018.
(5) Tabhair faoi deara: Áirítear sna méideanna a thaispeántar le haghaidh Tháillí na mBord agallaimh ÁSPC fostóra áit ar cuí, agus is méideanna comhlána iad gan ÍMAT, ÁSPC agus asbhaintí reachtúla eile a chur san áireamh.
(6) Bhí na baill Boird seo páirteach i roinnt Bord agallaimh i rith 2018.

Beartais BOOLM Faofa

D'fhaomh an Bord na beartais BOO seo a leanas i rith 2018:

1. Rialacháin Soláthair - Athbhreithnithe
2. Cód Iompair – Baill Leagan 2
3. Cód Iompair – Baill Foirne Leagan 2
4. Fógra agus Polasaí Príobháideachais CCTV – Athbhreithnithe
5. Prótacál Sárú ar Shonraí
6. Fógraí Príobháideachais agus Cosaint Sonraí
7. Polasaí calaoise
8. Ráiteas Beartais maidir le Nochtadh leasanna – Baill
9. Ráiteas Beartais maidir le Nochtadh leasanna – Baill Foirne
10. Úsáid Saoráidí – Athbhreithnithe
11. Úsáid Inghlactha TFC – Athbhreithnithe
12. Nós Imeachta maidir le Gearáin/Nótaí Treorach
13. Cosc ar Bhulaíocht/Nótaí Treorach
14. Beartas FGL d'Fhoireann Riaracháin/Chléireachais
15. Beartas agus Nósanna Imeachta Fionraithe agus Díbeartha

Rialú Inmheánach

Rinneadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe imheánaigh in 2018.

Soláthar

	2018	2017
Líon na gComórtas Creata:	16	15
Líon na dTairiscintí fógartha ar OJEU	23	2
Líon na dTairiscintí fógartha ar etenders	0	17
Iarratas ar 5 Luachan	26	46
Líon na gConarthaí ar cuireadh síneadh leo	31	29

Tionscadail Chaipitil

Cineálacha Tionscadal	Líon. 2018	Tionscadail	Líon. 2017
Scoileanna Nua	3	Coláiste Clavin, Maigh Dearmhaí	3
		Coláiste Chú Chulainn, Dún Dealgan (Faoi stiúir Chomhairle Contae Lú)	
		Coláiste Uí Chearbhalláin, An Obair	
Síneadh Suntasach	8	Coláiste Ráth Tó, Ráth Tó	8
		Coláiste Beaufort, An Uaimh	
		Iar-bhunscoil Bush, Baile na hAbhna, Dún Dealgan	
		Pobalscoil Bhaile Átha Fhirdhia (scoil neamh-BOO), Baile Átha Fhirdhia	
		Coláiste na Mí, An Uaimh, Céim II	
		Coláiste De Lacy, Cill Dhéagláin, Céim II (Faoi stiúir Bainistíocht Tionscadail)	
		Coláiste Naomh Peadar, Dún Bóinne	
		Scoil Uí Mhuirí, Dún Léire	

Tionscadail níos lú - ARSanna, Foirgnimh Réamhdhéanta, etc.	15	Aonad Riachtanas Speisialta, Iar-bhunscoil Naomh Olibhéar, An Seanchaisleán	7
		Cóiríocht Shealadach, Pobalscoil Náisiúnta Ard Rí, An Uaimh	
		Cóiríocht Shealadach, Coláiste na Mí, An Uaimh	
		Cóiríocht Shealadach, Iar-bhunscoil Bush	
		Cóiríocht Shealadach, Coláiste Breisoideachais Dhún Bóinne	
		Cóiríocht Shealadach, Coláiste Breisoideachais Uí Fhiaich	
		Cóiríocht Shealadach, Coláiste Pobail Dhún Seachlainn	
		Cóiríocht Shealadach, Coláiste Ráth Tó	
		Cóiríocht Shealadach, Ógtheagmháil na hInse	
		Cóiríocht Shealadach, Ógtheagmháil na hUaimhe	
		Oibreacha Clár (feabhsúcháin sheachtracha ar bhóithre sibhialta), Iar-bhunscoil Bush	
		Athsholáthar Coire, Foirgneamh Breisoideachais, Sráid an Rí, Droichead Átha	
		Páirc Spóirt, Institiúid Breisoideachais Dhroichead Átha	
		Oibreacha Seachtracha, Iar-bhunscoil Naomh Olibhéar, An Seanchaisleán	
		Aonad Riachtanas Speisialta, Coláiste Naomh Peadar, Dún Bóinne	
Tionscadail Oibreacha Samhraidh	5	Oibreacha Leictreachais, Coláiste Uí Fhiaich, Dún Dealgan	4
		Obair deisiúcháin ar an díon, Coláiste Naomh Peadar, Dún Bóinne	
		Obair deisiúcháin ar an díon, Coláiste Ráth Tó	
		Uasghrádú na Leithreas & an tSeomra Feistis, Coláiste Pobail, Ráth Chairn	
		Córas Téimh, Pobalscoil Náisiúnta Fhochairde	

Tionscadail Chaipitil (Ar lean)

Tionscadail Oibreacha Éigeandála	5	Uasghrádú Leictreachais, Bóthar na Mainistreach, An Uaimh	2
		Obair deisiúcháin ar an Díon, Institiúid Breisoideachais Uí Fhiaich	
		Oibreacha Éagsúla, Pobalscoil Náisiúnta Fhochairde	
		Sábháilteacht Dóiteáin, Institiúid Breisoideachais Uí Fhiaich	
		Mionathruithe ar Chóiríocht do Riachtanais Speisialta, Institiúid Breisoideachais Uí Fhiaich	
Eile	12	Ceanncheathrú BOOLM, Droichead Átha	10
		Tionscadail *Percent for Art* x 9	
		Aonaid Eastarraingthe, RSTC	
		Athshreangú Leictreachais, Ógtheagmháil Bhaile Átha Troim	

Léasanna/Comhaontuithe Cíosa Gearrthéarmacha

Líon	Léasanna/Comhaontuithe Cíosa Gearrthéarmacha
2018	33
2017	27

Úsáid Saoráidí

Líon	Iarratas Próiseáilte
2018	39
2017	27

Árachas

Líon	Éilimh Nua	Éilimh Socraithe	Éilimh Ghníomhacha
2018	6	20	23
2017	12	7	30

Scéim na dTeangacha Oifigiúla

Tá BOOLM tiomanta do na tiomantais atá sonraithe i scéim teanga 2015-2018 an Bhoird a chur chun feidhme. I láthair na huaire, tá dréachtscéim le haghaidh 2019-2022 á hullmhú ag BOOLM.

Sláinte agus Sábháilteacht

Teagmhais Tuairiscithe don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta	
2018	11
2017	10

Bainistíocht Riosca

Míreanna Riosca Taifeadta ar Chlár Rioscaí BOOLM					
	Míreanna	Míreanna	Míreanna	Gan mheasúnú	Iomlán
2018	10	44	23	0	77
2017	8	36	18	10	72

Achomhairc Alt 29

Staitistic Achomhairc Alt 29				
	Achomhairc a bhaineann le rollú a dhiúltú	Achomhairc a bhaineann le fionraí	Achomhairc a bhaineann le díbirt	Líon Iomlán Achomharc
2018	82	3	0	85
2017	1	0	2	3
Catagóir	2018/2017	2018/2017	2018/2017	2018/2017
Réitithe roimh éisteacht achomhairc	36/1	2/0	0/0	38/1
Achomhairc ar	23/0	0/0	0/1	23/1
Achomhairc nár seasamh leo	23/0	1/0	0/1	24/1

Nochtaí Cosanta

	2018	2017
Líon	0	0

TFC

Cineálacha Tionscadal	Tionscadail 2018	Tionscadail 2017
Tionscadail mhóra	18	10
Aga fónaimh córais	98% bunaithe	98% bunaithe
Fiosrúcháin chuig an deasc chabhrach bainistithe	6,117	5,120

Riarachán Párolla

	2018	2017
Tosaitheoirí	369	247
Fágálaithe	195	173
Coigeartuithe tuarastail	1,487	1,492
Coigeartuithe ar phá páirtaimseartha	501	477
Iarratais chreidmheasa incriminteacha	96	80
Ráitis seirbhíse	108	109

Bainistíocht Fágála

	2018	2017
Iarratais ar shaoire mháithreachais	121	105
Iarratais ar shaoire thuismitheoireachta	59	61
Iarratais ar sos gairme faofa	21	20
Iarratais ar phostroinnt faofa	36	37
Saoire Atharthachta	25	17
Ar iasacht	16	15

Earcaíocht

	2018	2017
Poist fógartha	515	330
Iarratais faighte	3,232	2,914
Comórtais agallaimh reáchtáilte	365	282
Poist líonta	403	330

Pinsin

	2018	2017
Dámhachtainí pinsin	33	29